



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN 17 MEITHEAMH 2013 – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt d'obair atá ceart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

1. Cuntais Deiridh Cuideachta Déantúsaíochta

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Mheachair Teo ar 31/12/2012.

	€	€
Scairchaipiteal:		
Údaraithe – 900,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		
Eisithe – 700,000 Gnáthscair ar €1 an ceann ...		700,000
Foirgnimh Mhonarchan	600,000	
Gléasra & Innealra (Costas €390,000)	260,000	
Veaineanna Seachadta (Costas €80,000)	60,000	
Paitinní	51,000	
Stoic 01/01/2012		
Amhábhair	48,000	
Obair idir lámha	16,300	
Earraí críochnaithe	62,500	
Díolacháin		734,000
Ceannach Amhábhair	378,500	
Aischur isteach (Aischur Díolachán)	10,100	
Féichiúnaithe	93,000	
Creidiúnaithe		81,000
Díolachán Dramhábhair		7,500
Pá Monarchan	130,000	
Speansais Dhíreacha	26,000	
Táillí Stiúrthóirí	12,800	
Árachas Monarchan	20,000	
Solas agus Teas Monarchan	16,300	
Stáiseanóireacht	11,000	
Fógraíocht	9,000	
Banc		51,200
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		4,100
Bintiúir 10% (eisithe 01/04/2012)		140,000
CBL		13,500
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 01/01/2012		73,200
	<u>1,804,500</u>	<u>1,804,500</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2012:
- | | |
|---------------------|---------|
| Amhábhair | €37,000 |
| Obair idir lámha | €24,000 |
| Earraí Críochnaithe | €65,000 |
- (ii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:
- | | |
|----------------------|---------------------------------|
| Gléasra & Innealra | 20% den chostas |
| Veaineanna Seachadta | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Foirgnimh Mhonarchan | 2% den chostas |
- (iii) Tá Pá Monarchan le roinnt: 75% ar Phá Díreach agus 25% ar Phá Maoirseora.
- (iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'Ús dlite ar Bhintiúir.
- (v) Baineann Árachas Monarchan leis an mbliain dar chríoch 31/03/2013.
- (vi) Tá Earraí Críochnaithe le haistriú ón monarca ar an Luach Reatha ar an Margadh, €690,000.
- (vii) Déan soláthar do Cháin Chorparáide €14,000.

Iarrtar ort:

- (a) **Cuntas Déantúsaíochta** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (40)
- (b) **Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (40)
- (c) **Clár Comhardaithe** a ullmhú mar a bheadh ar 31/12/2012. (40)

(120 marc)

2. Cuntais Feirme

Ba iad seo a leanas sócmhainní agus dliteanais Mhuintir Uí Mhaoldomhnaigh, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2012:

Talamh €400,000; Foirgnimh Feirme €150,000; Innealra ar a chostas €73,200; Luach caorach €36,000; Luach eallaigh/bó €109,000; Airgead sa Bhanc €17,800; Leictreachas dlite €700; Pá dlite €600.

Iarrtar ort:

(a) **Caipiteal** Mhuintir Uí Mhaoldomhnaigh ar 01/01/2012 a ríomh. (20)

Is achoimre é seo a leanas ar na fáлтаis agus ar na híocaíochtaí ag an bhfeirm don bhliain dar chríoch 31/12/2012.

Fáлтаis	€	Íocaíochtaí	€
Díolachán Olla	1,800	Ceannach Caorach	6,200
Díolachán Uan	42,600	Ceannacháin Eallaigh	36,400
Bainne	86,000	Leasachán	6,700
Íocaíocht Aonair Feirme	13,200	Leictreachas	13,500
Díolachán Eallaigh	47,900	Deisiúcháin	14,300
		Pá	22,900

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic Dheiridh 31/12/2012:
Luach Eallaigh/Bó €73,000
Luach Caorach €29,000
- (ii) Tá an Íocaíocht Aonair Feirme le roinnt (cionroinnt) idir an dá fhiontar sa chóimheas:
Eallach/Bainne 80%
Caoirigh 20%
- (iii) Tá Leasachán, Leictreachas, Deisiúcháin agus Pá le roinnt (cionroinnt) **go cothrom** idir an dá fhiontar.
- (iv) Uaineoil a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €800
Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,900
- (v) Leictreachas dlite ar 31/12/2012, €300.

Iarrtar ort:

- (b) (i) **Cuntas Miondealaithe Fiontair** a ullmhú do 'Eallach/Bainne' don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (20)
- (ii) **Cuntas Miondealaithe Fiontair** a ullmhú do 'Caoirigh' don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (20)
- (60 marc)**

3. Ráiteas Imréitigh Baine

Leagtha amach thíos tá Cuntas Baine agus Ráiteas Baine Mhíchíl Uí Riagáin do mhí Aibreáin 2013.

Dr		Cuntas Baine				Sr
		€				€
1 Aibreán	Iarmhéid t/a	3,260	3 Aibreán	P. Ó Riain	432104	1,200
9 Aibreán	Díolacháin lóisteáilte	15,490	6 Aibreán	Cíos	432105	800
16 Aibreán	Lóisteáil	4,100	10 Aibreán	M. de Faoite	432106	2,400
28 Aibreán	Díolacháin lóisteáilte	13,500	11 Aibreán	Árachas	432107	4,900
			16 Aibreán	S. Ó Maolmhuidh	432108	1,500
			21 Aibreán	T. Ó Fallúin	432109	2,300
			27 Aibreán	Pá	432110	3,900
			30 Aibreán	Iarmhéid t/s		19,350
		<u>36,350</u>				<u>36,350</u>
1 Bealtaine	Iarmhéid t/a	19,350				

Ráiteas Baine ar 30/04/2013				
		Dochar	Sochar	Iarmhéid
		€	€	€
1 Aibreán	Iarmhéid t/a			3,260
3 Aibreán	Ús Faighte		140	3,400
6 Aibreán	P Ó Riain 432104	1,200		2,200
8 Aibreán	Cíos 432105	800		1,400
9 Aibreán	Lóisteáil		15,490	16,890
12 Aibreán	M. de Faoite 432106	2,400		14,490
16 Aibreán	Lóisteáil		4,100	18,590
19 Aibreán	S. Ó Maolmhuidh 432108	1,500		17,090
24 Aibreán	Buanordú	380		16,710
25 Aibreán	S. Ó Madáin (seic obtha)	1,300		15,410
28 Aibreán	Táillí Baine	134		15,276
28 Aibreán	Pá 432110	3,900		11,376
29 Aibreán	B. Ó Lionáin	190		11,186

Nóta: Trí earráid a iontráladh an €190 ar an Ráiteas Baine ar 29 Aibreán i gCuntas Mhíchíl Uí Riagáin in ionad i gCuntas Mháire Uí Riagáin.

Iarrtar ort:

- (a) **Cuntas Coigeartaithe Baine** Mhíchíl Uí Riagáin a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 30/04/2013 a réitíonn iarmhéid coigeartaithe an Chuntais Bhaine le hiarmhéid an Ráitis Bhaine. (25)
- (60 marc)**

4. Taifid Neamhiomlána – Glanfhiúchas

Níor choimeád M. Ó Riain, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnó ar fáil ar 01/01/2012.

	€
Áitreabh	540,000
Feithiclí Mótair ar a luach de réir na leabhar	43,500
Troscán agus Trealamh ar a gcostas	59,000
Dímheas Carntha ar Throscán agus ar Threalamh	12,300
Árachas Réamhíoctha	700
Stoc	56,400
Creidiúnaithe	10,300
Speansais dlite	2,700
Féichiúnaithe	19,000
Banc	4,300

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas a ullmhú a léiríonn **Glanfhiúchas/Glanchaipiteal** Uí Riain ar 01/01/2012. (30)

Thug Ó Riain an t-eolas breise seo a leanas freisin ar 31/12/2012:

- (i) Le linn na bliana, aistríodh €14,000 ó chuntas pearsanta baine go dtí cuntas baine an ghnó.
- (ii) Le linn na bliana, d'íoc Ó Riain €6,400 as cistí gnó i gcomhair deisiúchán ar theach príobháideach agus thóg sé earraí dar luach €400 in aghaidh na míosa le haghaidh úsáid phríobháideach.

Thug Ó Riain meastachán gurbh iad na sócmhainní agus dliteanais ghnó ar 31/12/2012 ná €960,000 agus €80,000 faoi seach, roimh lamháil a dhéanamh do dhímheas ar throscán agus ar threalamh de réir ráta 20% dá gcostas, dímheas ar fheithiclí mótair de réir 10% dá luach de réir na leabhar, agus roimh speansais dlite de €940 a lamháil.

- (b) Ullmhaigh **ráiteas** a léiríonn **Brabús nó Cailteanas** Uí Riain don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (30)

(60 marc)

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais de Bhaldráithe Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2012:

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2012

	€	€
Díolacháin Chreidmheasa		420,000
Lúide: Costas Díolachán		
Stoc tosaigh 01/01/2012	36,000	
Móide: Ceannacháin	?????	
	?????	
Lúide: Stoc deiridh 31/12/2012	<u>24,000</u>	
Costas Díolachán		<u>242,000</u>
Ollbhrabús		178,000
Lúide: Speansais Iomlána (ús san áireamh)		<u>102,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		<u>76,000</u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2012

	€	€
Sócmhainní Seasta		712,000
Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe €24,000 san áireamh)	83,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain		
Creidiúnaithe Trádála	<u>39,000</u>	<u>44,000</u>
		<u>756,000</u>

Maoinithe ag:

Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain
Bintiúir 6% (2019/2020) 90,000

	Údaraithe	Eisithe
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna	<u>800,000</u>	680,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>76,000</u>
		<u>756,000</u>

(a) Iarrtar ort a ríomh: (déan an t-áireamh go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí):

- (i) An figiúr do Cheannacháin.
- (ii) An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'Fhéichiúnaithe.
- (iii) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.
- (iv) An céatadán de mharcáil suas. (40)

(b) Mínigh iad seo a leanas:

- (i) Gnáthdhíbhinn.
- (ii) Sócmhainn Dholáimhsithe.
- (iii) Carraeireacht Isteach.
- (iv) Dímhéas. (40)

(c) (i) Ríomh an Cóimheas Fíorthástála do 2012.
(ii) Cad a chuireann an cóimheas seo in iúl dúinn? (10)

(d) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2011 ná 16%.
Léirigh do thuairim ar bhrabúsacht an ghnólachta in 2012. (10)

(100 marc)

6. Cuntais Ghnólacht Seirbhíse

Tá muintir de Búrca páirteach i dtionscal na turasóireachta. Tá siad i mbun teach aíochta Leaba is Bricfeasta agus tugann siad rothair ar cíos do thurasóirí mar aon le teach saoire le linn shéasúr na laethanta saoire. San áireamh ina gcuid sócmhainní agus a gcuid dliteanas ar 01/01/2012 bhí:

Áitreabh teach aíochta Leaba is Bricfeasta €450,000; Teach Saoire €120,000; Trealamh & Línéadach €3,600; Rothair €5,000; Stoc breosla agus ola théite €2,200; Éarlaisí ó thurasóirí ar an teach saoire €1,500; Airgead ar láimh €4,500

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas a ullmhú a léiríonn **Ciste Carntha** ghnólacht turasóireachta mhuintir de Búrca ar 01/01/2012. (30)

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2012

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Airgead ar láimh 01/01/2012	4,500	Soláthairtí don Teach Aíochta	8,500
Fáltais ó Aíonna	32,000	Solas agus Teas	1,600
Cíos ón Teach Saoire	18,000	Tarraingtí	3,300
Fáltais ó chíos na Rothar	2,200	Pá	15,900
		Níochán Éadaí	2,400
		Fógraíocht	1,900
		Deisiúcháin agus Cothabháil	6,600
		Iarmhéid 31/12/2012	16,500
	<u>56,700</u>		<u>56,700</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh ar 31/12/2012.

- (i) Rothair le dímhéas de 20% sa bhliain agus Trealamh & Línéadach de 25%.
- (ii) Bhain an teaghlach úsáid as an gcúigiú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.
- (iii) San áireamh i bhfáltais na n-aíonna bhí éarlaisí áirithinte €1,400 do 2013.
- (iv) Stoc ola €650.
- (v) Dlite do shiopa áitiúil soláthairtí €260.

Iarrtar ort:

- (b) **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (40)
- (c) **Clár Comhardaithe** a ullmhú ar 31/12/2012. (30)

(100 marc)

7. Ráiteas faoi shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Chonghaile Teo:

Brabús agus Cailteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2012	€
Brabús oibriúcháin	138,000
Ús íoctha	<u>(16,000)</u>
	122,000
Cáin	<u>(14,000)</u>
	108,000
Díbhinn íoctha	<u>(22,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain	86,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 01/01/2012	<u>63,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2012	<u>149,000</u>

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2012		31/12/2011	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	755,000		667,000	
Lúide soláthar in aghaidh dímheasa	<u>(124,000)</u>	631,000	<u>(96,000)</u>	571,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	74,000		67,000	
Féichiúnaithe	31,000		36,000	
Airgead	<u>20,000</u>		<u>14,000</u>	
	<u>125,000</u>		<u>117,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe	12,000		8,000	
Cáin	<u>14,000</u>		<u>17,000</u>	
	<u>(26,000)</u>		<u>(25,000)</u>	
Glansócmhainní Reatha		<u>99,000</u>		<u>92,000</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u>730,000</u>		<u>663,000</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin				
Bintiúir 9%		140,000		200,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáth-scairchaipiteal eisithe		426,000		400,000
Scairbhiseach		15,000		
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>149,000</u>		<u>63,000</u>
		<u>730,000</u>		<u>663,000</u>

Iarrtar ort:

- (a) An Brabús Oibriúcháin a réiteach leis an nGlansreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)
- (b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú d'Ó Conghaile Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2012 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Gníomhaíochtaí oibriúcháin
 - Toradh ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas
 - Cáin
 - Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
 - Díbhinn chothromais íoctha
 - Airgeadú. (65)
- (c) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an athrú ar na Glanfhiacha. (5)

(100 marc)

ROINN 3 (80 Marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costáil Ionsú

Tá dhá Roinn Táirgeachta ag an gcuideachta déantúsaíochta Europa Teo, Roinn A agus Roinn B, agus Roinn Seirbhíse amháin, Roinn X. Tugann Europa Teo an t-eolas a leanas don bhliain 2013.

	Táirgeadh		Seirbhís
	Roinn A	Roinn B	Roinn X
Forchostais cionroinnte in aghaidh na roinne	€80,000	€60,000	€24,000
Costais na Roinne Seirbhíse X le cionroinnt	75%	25%	-----
Uaireanta Meaisín Buiséadaithe	2,500	-----	-----
Uaireanta Saothair Buiséadaithe	-----	1,200	-----

Iarrtar ort:

- (a) **Forchostais** na Roinne Seirbhíse X a chionroinnt (roinnt) idir Roinn A agus Roinn B de réir na treorach thuas.
- (b) Na **forchostais iomlána** atá le hionsú ag Roinn A agus Roinn B a ríomh.
- (c) An ráta ionsúite forchostas a ríomh do **Roinn A** agus tú ag úsáid **Uaireanta Meaisín**.
- (d) An ráta ionsúite forchostas a ríomh do **Roinn B** agus tú ag úsáid **Uaireanta Saothair**.
- (e) Is iad seo a leanas sonraí Jab Uimhir **1869** do chustaiméir áirithe:

Amhábhair Dhíreacha	€1,850
Saothar Díreach	€930
Uaireanta an chloig i Roinn A	9
Uaireanta an chloig i Roinn B	4

Ríomh **costas iomlán** Jab Uimhir **1869**.

- (f) Ríomh **praghas díolacháin** Jab Uimhir **1869** más é **25%** an mharcáil suas.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Tugann Mairéad Nig Uidhir an t-eolas seo a leanas ag deireadh Bhealtaine 2013.

	€
Féichiúnaithe 01/06/2013 (Díolacháin mhí Aibreáin €94,000 agus díolacháin mhí na Bealtaine €86,000)	180,000
Creidiúnaithe 01/06/2013	49,000
Iarmhéid Bainc 01/06/2013	27,000

Measann sí gur mar seo a bheidh na díolacháin, na ceannacháin agus na speansais go ceann cúig mhí:

	Meitheamh	Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair
Díolacháin	€73,400	€65,000	€69,300	€84,200	€54,200
Ceannacháin	€38,000	€27,800	€34,300	€41,900	€27,000
Speansais	€14,100	€16,900	€16,200	€19,500	€11,300

Cuirtear an t-eolas breise seo ar fáil duit:

- Íoctar speansais de réir mar a éiríonn siad.
- Bíonn na díolacháin uile ar cairde agus íoctar astu dhá mhí tar éis mhí an díolacháin.
- Bíonn na ceannacháin uile ar cairde, ach amháin €12,000 ar airgead i mí Iúil, agus íoctar astu mí amháin tar éis mhí an cheannacháin.
- €1,200 in aghaidh na míosa an cíos agus ardófar seo go dtí €1,300 ón 1 Meán Fómhair. (Ní raibh cíos san áireamh sna speansais thuas.)

Iarrtar ort:

- Buiséad Airgid** a ullmhú do gach mí sa tréimhse Meitheamh go Deireadh Fómhair, an dá mhí sin san áireamh, chomh maith le colún d'iomlán na tréimhse seo.
- Breac-chuntas a thabhairt ar **dhá** bhuntáiste do Mhairéad a bhaineann le **Buiséad Airgid** a ullmhú.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán